An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Department of Education and Science

Cigireacht Ábhair ar Eolaíocht
TUAIRISC

Gairmscoil na bPiarsach Rosmuc
Contae na Gaillimhe
Uimhir rolla: 71380N

Dáta na cigireachta: 29 Aibreán 2008

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SAN EOLAÍOCHT

AN TUAIRISC CHIGIREACHTA SEO

Scríobhadh an tuairisc seo tar éis chigireacht ábhair mar chuid de mheastóireacht ábhair i nGairmscoil na bPiarsach. Leagann sé amach tátail mheasúnachta maidir le cáilíocht na foghlama agus an teagaisc san Eolaíocht agus déanann moltaí d'fhorbairt theagasc an ábhair sa scoil. Rinneadh an mheastóireacht seo, inar thug an cigire cuairt ar sheomraí ranga agus inar breathnaíodh an fhoghlaim agus an teagasc, thar lá amháin. Bhí caidreamh ag an gcigire leis na scoláirí agus leis na múinteoirí, scrúdaíodh obair na scoláirí agus rinneadh plé leis na múinteoirí. D'athbhreithnigh an cigire doiciméid phleanála na scoile agus ullmhúcháin scríofa na múinteoirí. Tar éis na cuairte meastóireachta, thug an cigire aiseolas ó bhéal ar thorthaí na measúnachta don phríomhoide agus do na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

Tá tacaíocht mhaith á léiriú ag an scoil do staidéar na hEolaíochta mar bíonn gach mac léinn á staidéar ag leibhéal an tsraith shóisearaigh. Tá raon leathan ábhair eolaíochta ar fáil ag leibhéal an tsraith shinsearaigh i gcomhthéacs na n-acmhainní agus an líon daltaí atá ag an scoil. Áirítear an Eolaíocht Talmhaíochta, an Bhitheolaíocht, an Chemic, agus an Fhisic agus an Cheimic (le chéile) mar ábhair eolaíochta na scoile. Brathann an fáil a bhíonn ar na hábhair seo sa tsraith shinsearach ar éileamh na mac léinn agus ar infhaighteacht na n-acmhainní. Baineann an scoil úsáid as suirbhé chun an rogha ábhar a bhíonn de dhíth ar scoláirí a mheas agus is ansin a cuirtear na grúpaí ábhar a bhíonn mar rogha le chéile. Is inmholta a leithéid de chleachtas.

Tá an t-am a cuirtear ar fáil don Eolaíocht ag freagairt do na moltaí atá luaite sa siollabas. Bíonn fáil ag gach grúpa ranga ar an saotharlann go seachtainiúil agus tá sé seo ag teacht freisin le moltaí an tsiollabais. Ranganna cumais mheasctha atá sna ranganna eolaíochta go léir. Bíonn an múinteoir céanna acu don tsraith shóisearach go léir. Is maith mar chleachtas a leithéid mar cuidíonn sé seo le leanúnachas foghlama na mac léinn.

Tá saotharlann amháin sa scoil agus tá an-chuí uirthi seo. Tá cuma ghlan, gheal, dea-chóirithe agus dea-fheistithe uirthi. Ba bhuntáiste é gur déanadh athchóiriú ar an saotharlann le deanaí, rud a chiallaíonn go bhfuil spás foghlama tarraingteach ar fáil don eolaíocht. Tá áit ullmhúcháin agus stórais in aice láimhe agus tá an-eagar ar an áit seo. Léiríodh ón gcigireacht súl a rinneadh go raibh na ceimicí á stóráil de réir na moltaí atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Tréaslaítear leis an bhfoireann eolaíochta as an sár-obair atá déanta acu maidir le heagar a chur ar an saotharlannn agus ar an áit ullmhúcháin.

Tá raon sásúil trealaimh teicneolaíochta fáisnéise agus cumarsáide (TFC) ar fáil do theagasc agus do mhúineadh na hEolaíochta. Tá fáil ag an bhfoireann eolaíochta ar ríomhairí, sonratheilgeoirí, trealamh lógáil sonraí agus áiseanna TFC eile.

Tá tacaíocht mhaith ar fáil d'fhorbairt leanúnach ghairmiúil na múinteoirí eolaíochta. Tá siad tar éis páirt a ghlacadh i raon leathan cúrsaí forbartha gairmiúla agus rinne an scoil éascaíocht ar na deiseanna a bhí ag na hoidí freastal orthu seo. Tacaíonn an scoil freisin le rannpháirtíocht na n-oidí in eagraíochtaí gairmiúla agus i ndeiseanna breise staidéir, agus is inmholta a leithéid de thacaíocht a bheith ar fáil.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

Tá cur chuige comhghuallaíoch agus comhoibríoch sár-mhaith i measc na múinteoirí eolaíochta. Tagann siad le chéile go minic, go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil, agus cuidíonn na cruinnithe seo leis an obair phleanála a bhíonn ar bun acu. Coimeádtar miontuairiscí ar na cruinnithe foirmeálta agus ba léir uatha seo go bhfuil obair fhorbarthach ar bun ag na múinteoirí eolaíochta agus go bhfuil siad tiomanta den fheabhsú leanúnach ar theagasc agus ar fhoghlaim na heolaíochta sa scoil.

Tá sár-obair déanta ag an bhfoireann eolaíochta chun plean cuimsitheach a fhorbairt don Eolaíocht. Clúdaíonn an plean na codanna go léir do theagasc agus d'fhoghlaim na hEolaíochta agus is áis chuiditheach í mar thaca leis an gclár eolaíochta a chur i láthair do na mac léinn. Is áis an-úsáideach í freisin d'aon mhúinteoir eolaíochta nua-cheaptha sa scoil mar bíonn an plean mar ghné thábhachtach de phróiseas ionduchtaithe na múinteoirí nua.

Is mór an méid oibre atá déanta chun raon fairsing acmhainní a chur ar fáil mar áiseanna ar féidir leis na mic léinn úsáid a bhaint astu. Tá naisc mhaithe cruthaithe ag an bhfoireann eolaíochta le pearsanra tacaíocht fhoghlama na scoile a bhíonn ag obair leis na mic léinn. Is cleachtas an-mhaith a leithéid. Mar aon leis na hacmhainní cló-bhuailte tá an fhoireann eolaíochta tar éis raon acmhainní TFC-bhunaithe a chruthú agus a chur le chéile mar thaca le teagasc na hEolaíochta. Tá an fhoireann eolaíochta tar éis teacht freisin ar réimse acmhainní úsaídeacha don Eolaíocht ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, www.cogg.ie agus tá siad seo curtha i dtoll a chéile acu. Is inmholta an obair bhreá ata déanta ag foireann na heolaíochta chun plean eolaíochta a chruthú agus chun raon leathan d'acmhainní tacaíochta a sholáthar.

FOGHLAIM AGUS TEAGASC

Bhí na ceachtanna go léir curtha in oiriúint do riachtannais an tsiollabais. Chuidigh an caighdeán an-ard in ullmhúchán na gceachtanna le luas cuí agus dul chun cinn éifeachtach nuair a bhí an t-ábhar á theagasc agus nuair a bhí gníomhaíochtaí ar bun ag na mic léinn.

Ba léir caighdeáin ard teagaisc agus foghlama sna ceachtanna go léir. Is í an Ghaeilge a bhí mar mheán teagaisc i ngach ceacht. Do mhic léinn a raibh deacrachtaí acu le téarmaí na heolaíochta nó a raibh an Ghaeilge mar theanga bhreise acu bhí tacaíocht le fáil acu ón múinteoir agus ó na hacmhainní foghlama a bhí ullmhaithe don cheacht. Baineadh úsáid éifeachtach as raon modheolaíochtaí teagaisc chun spéis na mac léinn a mhealladh agus chun cuidiú lena bhfoghlaim.

Díríodh ceisteanna ar mhic léinn a ainmníodh agus bhí grádú déanta ar na ceisteanna de réir na leibhéil chumais a bhí acu. Chuidigh an úsáid a baineadh as acmhainní TFC-bhunaithe le léiriú soiléir a thabhairt ar phríomhphointí na foghlama i ngach ceacht agus le léiriú súl tacúil a chur ar fáil do na scoláirí agus iad ag foghlaim. Baineadh úsáid éifeachtach as an gclár bán chun soiléiriú a thabhairt ar na príomhphointí agus chun léaráidí a bhain leis na topaicí a bhí á staidéar a chur ar fáil. Cuireadh deiseanna ar fáil don mhúinteoir athdhaingniú a dhéanamh ar fhoghlaim na ndaltaí i ngach ceacht tríd athdhéanamh ar na príomhphointí foghlama, agus is maith mar chleachtas a leithéid.

Bhí an obair phraiticiúil a bhí le déanamh ag na mic léinn mar ghné an-chuiditheach de na ceachtanna go léir. Ábhar suntais é gur ranganna singil a bhí i gceist leis na ranganna go léir inar tharla an obair phraiticiúil. Chinntigh leibhéal an-ard ullmhúcháin an mhúinteora go ndeachaigh an obair chun cinn go réidh éifeachtach. Rinneadh an obair phraiticiúil go sábháilte agus bhí comhoibriú maith i measc na ngrúpaí san obair a bhí ar bun acu. Cuireadh béim ar an mbreathnóireacht agus ar an iniúchadh san obair phraiticiúil, rud a bhíonn ag teacht leis an tuiscint atá léirithe sa siollabas. Bhí barrchleachtas le sonrú go speisialta nuair a leagadh an bhéim ar an modh eolaíochta. Rinneadh é seo trí aird na mac léinn a dhíriú ar na prionsabail a bhíonn mar bhunús le triail chothrom eolaíochta. Moltar a leithéid de chleachtas toisc go gcuidíonn sé le meas agus tuiscint na mac léinn ar an staidéar eolaíochta a fhorbairt.

Bhí dea-chaidreamh le sonrú idir na mic léinn agus a múinteoir. Ba léir é seo ón atmaisféar ranga réidh dúthrachtach a bhí le sonrú. Léiríodh sa bhreathnóireacht go raibh na mic léinn ar a gcompord agus iad ag plé leis an múinteoir agus gur dhearbhaigh an múinteoir na freagraí a bhí acu mar aon le cuidiú le gach mac léinn ar leith ar bhealach dearfach tacúil. Bhí cúram agus aird ar ardleibhéal ar fáil do gach mac léinn sna ceachtanna go léir agus is inmholta a leithéid.

Bhí na mic léinn páirteach le linn an cheachta agus chuidigh spéis mhór an mhúinteora san ábhar mar aon leis na gníomhaíochtaí foghlama a eagraíodh leis an rannpháirtíocht seo. Léirigh na mic léinn go raibh tuiscint mhaith acu ar na topaicí a bhí á staidéar acu agus léirigh siad an tuiscint seo tríd an gcumas a bhí iontu tabhairt faoin obair phraiticiúil, trí na freagraí a thug siad ar cheisteanna a cuireadh orthu, agus trí na ceisteanna a d'ardaigh siad féin.

MEASÚNÚ

Tá socruithe oiriúnacha i dtreo chun measúnú a dhéanamh go rialta ar dhul chun cinn na ndaltaí agus chun tuairisciú go tréimhsiúil do thuismitheoirí. Baineann an scoil úsáid as raon cuí de mhodhanna chun an chumarsáid a chothabháil le tuismitheoirí agus ina measc siúd bíonn dialanna mac léinn, tuairiscí foirmeálta, cruinnithe múinteoirí agus tuismitheoirí, agus oícheanta eolais.

Déanann an múinteoir eolaíochta taifid chuí a choimeád se dhul chun cinn na mac léinn i scrúduithe agus in obair phraiticiúil. Baintear úsaid as na taifid seo chun tuismitheoirí a choimeád ar an eolas agus chun na gnéithe sin a bhféadfaí feabhas a chur orthu in obair na mac léinn a aithint, agus is maith iad na cleachtais seo.

Breathnaíodh ar shamplaí de chóipleabhar na mac léinn agus de na taifid ar an obair thurgnaimh a bhí déanta acu. Léiríodh uatha seo go raibh an obair bhaile mar ghné rialta d'fhoghlaim na mac léinn. Léirigh taifid na dturgnamh go raibh méid shásúil oibre curtha i gcrích agus go raibh caighdeán na hoibre scríofa go maith ar an iomlán. Déantar obair na mac léinn a cheartú go rialta agus breathnaíonn an múinteoir ar an obair go féiltiúil. Áirítear mar chuid de mhonatóireacht an mhúinteora aischothú múnlaitheach agus tagairtí dearfacha. Is maith mar chleachtas a leithéid

d'aischothú agus réitíonn sé le prionsabail an mheasúnaithe don fhoghlaim. Ba mhaith é dá leanfadh na múinteoirí eolaíochta le húsáid bhreise a bhaint as an measúnú múnlaitheach mar chuidiú d'fhoghlaim na ndaltaí.

Tugann na múinteoirí eolaíochta tacaíocht do rannpháirtíocht na ndaltaí i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim agus comh-churaclaim ar nós na ngníomhaíochtaí i Seachtain na hEolaíochta, turasanna chuig coláistí tríú leibhéil, turasanna chuig pláinéadlann, aoichainteoirí, agus comórtais aistí. Saibhríonn an raon gníomhaíochtaí seo eispéireas na mac léinn san Eolaíocht. Is inmholta sár-obair na múinteoirí eolaíochta sa tacaíocht a thugann siad do rannpháirtíocht na mac léinn sna gníomhaíochtaí seo.

ACHOIMRE AR NA PRÍOMHCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ

Is iad seo a leanas na príomhbhuanna a aithníodh le linn na meastóireachta:

- Bhí caighdeán ard teagaisc agus foghlama sna ranganna go léir.
- Tugann an scoil tacaíocht mhaith do staidéar na hEolaíochta trí raon leathan ábhair eolaíochta a chur ar fáil ag leibhéal an tsraith shinsearaigh agus tríd an Eolaíocht a chur ar fáil mar chroí-ábhar sa tsraith shóisearach.
- Tá dea-chuí ar an saotharlann eolaíochta agus tá raon maith d'acmhainní ar fáil inti.
- Cuirtear tacaíocht mhaith ar fáil d'fhorbairt leanúnach ghairmiúil na múinteoirí eolaíochta.
- Bíonn an-chomhoibriú idir na múinteoirí eolaíochta ar bhealach a thacaíonn leis an obair phleanála don ábhar.
- Tá sár-obair curtha i gcrích maidir le plean cuimsitheach eolaíochta a chur le chéile.
- Bhí an dea-chaidreamh idir na scoláirí agus na múinteoirí.
- Sna ceachtanna go léir bhí de bhuntáiste ag na scoláirí go raibh ardchaighdeán cúraim agus tacaíochta aonair ar fáil ón mhúinteoir.

Déantar an mórmholadh seo a leanas ar mhaithe le cur leis na buanna seo agus le réimsí forbartha a aithint:

- Ba mhaith é dá leanfadh na múinteoirí eolaíochta le húsáid bhreise a bhaint as an measúnú múnlaitheach mar chuidiú d'fhoghlaim na ndaltaí.

Eagraíodh cruinniú iarmheastóireachta leis na múinteoirí eolaíochta agus leis an bpríomhoide ag deireadh na meastóireachta mar ar cuireadh i láthair agus mar ar pléadh na dréacht-chinntí agus moltaí thuas.

Foilsithe Meán Fomhair 2008